



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

Foilsíú an dréacht-Chóid Eitice don Gharda Síochána agus an Comhairliúchán air

Tá áthas ar an Údarás Póilíneachta an [dréacht-Chód Eitice don Gharda Síochána](#) uaidh a fhoilsíú agus tá sé ag iarraidh aighneachtaí faoin dréacht-Chód faoi láthair.

D'iarr an tÚdarás réamhthuirimí ar an gCód Eitice i mí Aibreáin i mbliana. Tar éis tréimhse ina ndearna sé taighde agus breithniú ar na haighneachtaí a fuarthas, d'fhorbair an tÚdarás dréacht-Chód tosaigh atá ar fáil ar ár [suíomh Gréasáin](#) anois.

Is ionann an iarraidh seo ar réamhthuirimí agus ar réamhbharúlacha agus deis thábhachtach atá ag páirtithe leasmhara sa phobal, fostaithe den Gharda Síochána, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhlachtaí reachtúla ábhartha a dtuirimí ar an dréacht-Chód a chur in iúl. Ba cheart freagraí ar an gcomhairliúchán seo a bheith faighte tráth nach déanaí ná deireadh gnó **Dé hAoine an 23 Meán Fómhair 2016**. Tar éis an dáta sin, agus tar éis dó breithniú cuí a dhéanamh ar na haighneachtaí uile a fuarthas, rachaidh an tÚdarás ar aghaidh chun an Cód Eitice a thabhairt chun críche roimh an spriocdháta reachtúil an 31 Nollaig 2016.

Anuas air sin, beidh imeacht comhairliúcháin á reáchtáil ag an Údarás. Beidh sé ar siúl Déardaoin an 8 Meán Fómhair 2016 i dTeach na gCuntasóirí Cairte, 47-49 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2. Is ar an gCód Eitice don Gharda Síochána a bheifear ag díriú sa seisiún maidine ó 10.00 go dtí 12.30. Is é aidhm an imeachta ná an oiread aiseolais is féidir a fháil ón lucht freastail agus féadann baill den phobal clárú le haghaidh freastal ar an imeacht ach an [nasc](#) atá ar fáil ar ár [suíomh Gréasáin](#) a úsáid.

****CRÍOCH****

Nóta d'Eagarthóirí:

Gníomhaireacht neamhspleách is ea an tÚdarás Póilíneachta. Bunaíodh é chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta in Éirinn. Bunaíodh an tÚdarás le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ighnéitheacha) 2015, ar acht é lena leasaítear Acht an Gharda Síochána 2005.

Ceanglaítear ar an Údarás le hAlt 17 d'Acht an Gharda Síochána Cód Eitice a bhunú don Gharda Síochána agus foráiltear leis go n-áireofar leis an gCód caighdeáin iompair agus chleachtais do bhail den Gharda Síochána agus forálacha chun iad a spreagadh agus a éascú éagóir sa Gharda Síochána a thuairisciú. Ceanglaítear leis an reachtaíocht go ndéantar amhlaidh faoin 31 Nollaig 2016.

Foráiltear le hAlt 17 freisin nach mór don Údarás aird a thabhairt, agus an Cód seo á ullmhú aige, ar ábhair áirithe, lena n-áirítear na caighdeáin atá i bhfeidhm i mBallstáit eile den Aontas Eorpach (AE), na moltaí ábhartha ó Chomhairle na hEorpa agus prionsabail na póilíneachta.

Luaitear i bprionsabail na póilíneachta go soláthrófar seirbhísí póilíneachta:

- (i). go neamhspleách agus go neamhchlaon,
- (ii). ar bhealach a urramaíonn cearta an duine, agus
- (iii). ar bhealach a thacaíonn le riar ceart éifeachtach an cheartais.

Tá tuilleadh faisnéise faoin Údarás ar fáil ag www.policingauthority.ie